



**PORT of CORK**

DEEPWATER MULTI-MODAL PORT

**Port of Cork Company**  
consolidated financial statements  
for the year ended 31st December 2014

**Cuideachta Phort Chorcaí**  
ráitis airgeadais chomhdhlúite  
don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014



**2014**



# Contents / Ábhar

Chairperson's Interim Report for 2014 .....	ii
<i>Tuarascáil Eatramhach an Chathaoirligh do 2014</i>	
Chief Executive's Report.....	xv
<i>Tuarascáil an Phríomhfeidhmeannaigh</i>	
Directors and Other Information.....	1
Report of the Directors .....	2
Statement of the Directors' Responsibilities .....	8
Independent Auditors' Report .....	9
Consolidated Profit and Loss Account .....	11
Consolidated Statement of Total Recognised Gains and Losses.....	12
Consolidated Balance Sheet .....	13
Company Balance Sheet .....	14
Consolidated Cash Flow Statement .....	15
Notes to the Consolidated Financial Statements.....	16
Stiúrthóirí agus Eolas Eile .....	36
Tuarascáil na Stiúrthóirí .....	37
Ráiteas Dualgais na Stiúrthóirí .....	43
Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha .....	44
Cuntas Comhdhlúite Brabús agus Caillteanais .....	46
Ráiteas Comhdhlúite na nGnóthachán agus na gCaillteanas Iomlán Aitheanta .....	47
Clár Comhardaithe Comhdhlúite .....	48
Clár Comhardaithe na Cuideachta .....	49
Ráiteas Comhdhlúite Sreabhadh Airgid .....	50
Nótaí do na Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais .....	51

## Contact

Tel: 00 353 21 4273125  
Fax: 00 353 21 4276484  
Web: [www.portofcork.ie](http://www.portofcork.ie)  
Email: [info@portofcork.ie](mailto:info@portofcork.ie)

**Chairperson's Report for 2014 as required under  
the Code of Practice for the Governance of State Bodies and  
Section 28(4) of the Harbours Acts 1996-2009  
Port of Cork Company and its Subsidiary Undertakings**

**Introduction:**

In 2014 Port of Cork and Bantry traffic amounted to 10.15 million tonnes compared to 10.6 million tonnes in 2013 which represented a decrease of 445,164 tonnes or 4.2%. While container traffic at the Tivoli Container Terminal increased by 13%, dry bulk cargoes decreased due to the improved weather conditions for farmers in the summer of 2014. Turnover in 2014 amounted to €24.8 million up from €23.3 million in 2013. Profit on Ordinary Activities before Taxation amounted to €2.7 million compared to €1.7 million in 2013, an increase of €1 million or 56%.

Achievements in 2014 at the Port of Cork include:

- The achievement of a Profit before Taxation of €2.7 million compared to €1.7 million in 2013, an increase of 56%;
- The creation of a subsidiary Bantry Bay Port Company Limited (BBPC) to manage the Bantry Bay operation;
- The approval in May of a new Pension Funding Proposal by The Pensions Authority;
- Container traffic at the Tivoli Container Terminal increased to 179,854 TEU's compared to 158,849 TEU's in 2013, an increase of 13.2%;
- The preparation and submission of a Planning Application for key Port Infrastructure Proposals in Ringaskiddy to An Bord Pleanála and the completion of an efficient Strategic Infrastructure Oral Hearing in September;
- Progress with the Successful Ten-T Funding Application including the appointment of Financial Transaction Advisors to assess and evaluate potential sources of finance in a comprehensive financial appraisal which demonstrates the commercial viability of the proposed Ringaskiddy developments;
- The submission of a new TEN-T application in February 2015;
- Securing a Planning Permission in December 2014 for upgrading the Cruise Berthing Facilities in Cobh expected to cost €1.6 million approximately as part of a Cruise Vision to accommodate the maximum sized cruise vessels;
- The screening by TV3 of "Cork Mega Port" a fly on the wall four one hour TV documentary series specifically on the Port of Cork;
- The celebration of the 200<sup>th</sup> Anniversary of Cork Harbour Commissioners and the Port of Cork and the publication of a book on the history of Cork Harbour Commissioners "Portraiture of Cork Harbour Commissioners";
- Constant engagement with Key Customers;
- The amalgamation and consolidation of the Bantry Bay Harbour Commissioners assets and Pilotage arrangements from the 1<sup>st</sup> January 2014;
- ISO14001, OHSAS 18001 and IPSEM accreditations.

**€503,861 Dividend payment to Department of Transport Tourism and Sport:**

The Board of Directors of the Port of Cork Company approved a dividend payment to the Exchequer of €503,886 in May 2014 (2013: €407,094), being 30% of the Company's 2013 Profit after Taxation. It is the policy of the Port of Cork Company to continue to pay a yearly dividend in the amount of 30% of profits available for

distribution excluding Bantry Bay Port Company Limited profits. The Company intends to pay a dividend of circa. €650,000 (increase of 20%) in 2015 while also pursuing its capital strategic development plan and achieving a reduction in its pension fund deficit.

#### **Trade Performance:**

In 2014, oil traffic at the Philips 66 Whitegate Oil Refinery decreased by 1.5% to 4.8 million tonnes. The Oil Refinery accounts for over 55% of the freight and 28% of ship tonnage and goods income of the Port of Cork. Whitegate Oil Refinery is critical to both the Port of Cork and the oil supply chain nationally. Bantry traffic (Whiddy) amounted to 1.3 million tonnes in 2014, and this traffic is now consolidated with the Port of Cork Company.

Non-oil traffic amounted to 4 million tonnes compared to 4.2 million tonnes in 2013, a decrease of 213,885 tonnes or 5% primarily due to decreased dry bulk cargos, (i.e. cereals, animal feedstuffs, fertilisers, salt, coal etc.) following improved weather conditions for farmers in the summer of 2014. The combined port's container traffic for Tivoli and Ringaskiddy increased to 191,228 TEU's, an overall increase of 20,818 TEU's or 12.22%.

While imports of trade vehicles increased by 24.8% to 33,009 vehicles, liquid petroleum gas and exports of lead and zinc concentrates all decreased. Towage operations were significantly ahead of 2013 at 592 tows, representing an increase of 12.33%. Brittany Ferries continued on the tourist ferry route from Cork to Roscoff, running every Saturday from March to October 2014.

#### **Container Handling Facilities at Tivoli:**

Traffic at the Tivoli Container Terminal continued to grow in January and February 2015. In late February 2015, the Board of Directors approved a further expansion of the Tivoli container terminal to accommodate this traffic growth, including installation of additional reefers, moving an adjacent licence tenant to a different location in the Tivoli Industrial Estate and the purchase of second hand Straddle Carriers.

#### **Container & Bulk Handling Facilities at Ringaskiddy:**

The Port of Cork has a container handling facility at the Ringaskiddy Deepwater Terminal which enables the Port of Cork and global shipping company, Maersk, to maintain a direct deep-sea Trans-Atlantic service to Ireland from South America and the Caribbean. This service facilitates the importation of fruit and the export of Irish produce. The Port of Cork invested €4 million to facilitate this service, with the development of a container compound and the purchase of a new electric RTG (Rubber Tyred Gantry Crane). In addition in June 2013 the Port took delivery of a €3m new Liebherr LMH 550 Harbour Mobile Crane to enhance our container and bulk handling facilities and attract more deep-sea services into the Port of Cork.

These investments demonstrate the Port of Cork's commitment to continue to grow business and in turn, provide a much needed stimulus in Ireland's import and export trade. The vessels accommodated at Ringaskiddy are the largest which can be accommodated in Ireland, thus highlighting the deep-water capabilities of the Port of Cork.

#### **Port Redevelopment at Ringaskiddy:**

The limitations at the existing Lo-Lo facilities in the Tivoli Container Terminal (water depth, width for vessel swinging, landside terminal capacity) requires the relocation of the container business downstream to the lower harbour at Ringaskiddy. Maritime

traders want to get in and get out of the harbour as quickly as possible. If the Port of Cork Company does not move from the unsustainable infrastructure at Ringaskiddy the Port will certainly go into decline. The Port re-development will be beneficial to the Port, Port Customers, the City, the wider Cork Community and the Region.

The Company lodged a Planning Application for new Port Infrastructure in Ringaskiddy with An Bord Pleanála on Thursday 1<sup>st</sup> May 2014 and a Strategic Infrastructure Oral Hearing was completed in September 2014 where all stakeholder views were considered. A decision by An Bord Pleanala is expected before the end of May 2015.

Following the publication of the National Ports Policy, the Minister asked the NRA to prioritise the development of the N28 upgrade. The upgrading of the N28 roadway will come with this Ringaskiddy redevelopment and this will benefit Local Residents, Industry and Commuters in the Ringaskiddy and Carrigaline areas.

#### **TEN-T:**

The Port of Cork Company was successful in early July 2013 with its funding application made under “The Acceleration/Facilitation for the implementation of TEN-T projects”. This priority addressed activities alleviating bottle-necks and promoting cross-border connectivity at European level through financially assisting Preparatory Studies (e.g. feasibility, environmental and design studies) concerning the development of projects with the aim to create a mature project, where EU added value is clearly demonstrated. Fifty percent grant aid was made available to obtain statutory consents for the Ringaskiddy development, complete financial and economic appraisals, detailed designs, communication plan and prepare tender documents.

#### **2015 TEN-T Funding Application:**

The Port of Cork was named as part of the TEN-T North Sea-Mediterranean Priority Corridor, along with being identified as a Tier 1 Port in the National Ports Policy. The aim of Connecting Europe Facility (CEF) TEN-T funding is to support the implementation of the core network. The North-Sea Mediterranean Corridor Workplan was published on the 22<sup>nd</sup> December 2014. It is expected to be formally adopted by the European Parliament in March 2015. One of the recommendations of the Corridor Co-ordinator is that “Interconnectivity – In the North and West of the Corridor, where accessibility from the island regions is the critical issue, there is a need to develop Motorways of the Sea, and to improve hinterland connections at the seaports. To solve these issues, projects like the Port infrastructure and Ringaskiddy road connection in Cork ... should be encouraged”

Therefore, a new application for TEN-T Transport Section CEF Funding was submitted to the European Commission DG-Move (Directorate General for Mobility and Transport) on the 23<sup>rd</sup> February 2015 following Department of Transport Tourism & Sport endorsement on the 20<sup>th</sup> February 2015. A decision as to the eligibility of applications is likely to be announced in July 2015.

#### **Whitegate Oil Refinery:**

In 2013 Phillips 66 engaged the services of Deutsche Bank for the purpose of selling the Whitegate Oil Refinery and related business along with the storage facility at Whiddy Island in Bantry Bay. During the first half of 2014, Phillips 66 abandoned its plans to sell the Whitegate Refinery, while the sale of the oil storage facility at Whiddy to Zenith Energy, a USA based oil storage company was completed in February 2015.

The Port of Cork Company management are in regular contact with senior personnel in Phillips66 regarding the Whitegate Oil Refinery facility. The Oil refinery accounts

for over 55% of the freight traffic through the Port of Cork and is critical to Cork and the wider regional economy.

#### **Bantry Bay Harbour Assets:**

During 2013, the Minister of Transport Tourism & Sport, completed a Public Consultation process in respect of his proposal to transfer responsibility for Bantry Bay Harbour to the Port of Cork Company (PoCC).

Having considered the submissions made and other relevant issues, the Minister decided that the transfer to PoCC should proceed and that a subsidiary Company should be established by PoCC to manage Bantry Harbour. Crowley DFK, Chartered Accountants, completed a Due Diligence of Bantry Bay Harbour Commissioners in July 2013 and subsequently assisted the Company prepare a Business Case for the amalgamation of Bantry Bay Harbour and the Port of Cork Company.

Ministerial consent was then received to form a subsidiary Bantry Bay Port Company Limited (BBPC) to operate Bantry Harbour. The Department of Transport Tourism & Sport agreed that the PoCC should issue 2,255,633 nominal shares at a cost of €1.25 each giving a value of €2,819,542 to the Minister for Transport Tourism & Sport to complete the transfer of Bantry Bay Harbour assets into the Port of Cork Company Balance Sheet as at 1 January 2014. The completion of the amalgamation and consolidation of the Bantry Bay Harbour assets and Pilotage arrangements into the Port of Cork was achieved during the first half of 2014.

#### **Bantry Bay Port Company Limited immediate Objectives:**

In the first half of 2014, BBPC prepared a Business Plan for years 2014-2016 with the immediate objectives agreed as follows:

- To put in place all required procedures, systems and controls including Health & Safety, Security, Internal Financial Control Procedures and Environmental;
- To develop and improve the business, trade and cruise throughput of the Port Company;
- To ensure that the Port Company complies with all regulatory matters including audit, corporate governance and risk management;
- To have in place the appropriate facilities and plant to service the needs of existing and potential customers;
- To continue to promote marine leisure and tourism, and be supportive of relevant community initiatives in Bantry Bay; and
- To advance Phase 1 of the inner harbour remedial and capital works as proposed and discussed with the Department of Transport Tourism & Sport.

#### **IDA Landswap:**

As part of the IMERC project at Ringaskiddy the Port of Cork Company are committed to the transfer of lands under its control, in consideration for IDA lands, to University College Cork for the construction of a new Hydraulic Laboratory and Maritime Research Centre, incorporating the Cork Maritime Research Centre. Government funding has been allocated for the project to UCC and they have obtained the necessary planning permission. The transfer of 1.3 hectares of Port of Cork Company lands for 3.2207 hectares of IDA lands of equal value was completed during 2014. The Port of Cork Company issued a licence to UCC, while awaiting progress on a second landswap with the IDA, for a second area of land for the purpose of the construction of a service road and associated underground services.

### **Marino Point:**

The Marino Point site has for a long time been identified as a suitable Port site to complement facilities in Ringaskiddy. The site has:

- Rail connectivity;
- An Existing Jetty – 10m draft – Access and Berthage;
- Seveso designation on site – thereby presenting an opportunity to facilitate relocation of other Seveso sites from Tivoli and the City; and
- Significant development potential as a Cork Harbour Port site.

However, the site also has a number of potential challenges related to planning, licence consents, bridge and road access and the cost of redevelopment.

In 2014, the Port of Cork Company sourced partners who agreed to jointly acquire and redevelop the Marino Point site with the Port of Cork Company to have a 20% interest in this Joint Venture subject to Ministerial approval. In December 2014, the Port of Cork Company requested Ministerial approval to acquire 20% of the Share Capital of a JV Company purchasing Marino Point having submitted a business and financial analysis case which demonstrated that the project complies with the Department of Finance Guidelines and with the legal requirement for the Port of Cork Company to enter into a JV as a 20% Shareholder. The Minister is considering this application and a formal response is awaited.

### **Cork City Docklands Development:**

The Port of Cork Company maintains its support for the Cork Docklands redevelopment and intends playing a full role in ensuring the potential of the area is realised.

### **Tourism:**

Cobh is synonymous with a lot of the Harbour's history and today boasts that it is home to Ireland's only dedicated Cruise terminal. Vessels up to 340m in length can currently be accommodated. In 2014, 58 cruise liners with a gross tonnage of 3.5 million tonnes, brought over 120,000 passengers and crew to the region and this year 2015, 54 cruise liners with a gross tonnage of 4 million tonnes, are scheduled to call carrying a similar amount of passengers and crew. Planning consent was granted by Cork County Council on the 22<sup>nd</sup> December 2014 for the first phase of redevelopments at the Cobh Deepwater Cruise terminal. This redevelopment will provide sufficient mooring infrastructure and water depth to accommodate Quantum Class cruise vessels (350m length) at the current cruise terminal using existing berthing facilities.

The combination of the Spike Island - Cobh / Titanic / Lusitania and Harbour Forts represents a unique tourism opportunity for the region. The Port is actively involved in these projects and believes the new experiences they offer are complementary to Cruise traffic. A Lusitania Commemoration Ceremony "Lusitania Remembered" will be held on the 7<sup>th</sup> May 2015 in Cobh and President Michael D. Higgins is scheduled to attend. The Port is investigating additional access points across the Harbour.

Cobh Maritime Development Company Limited was formed in March 2013 as a non-trading "special purpose entity" involving Cork County Council, Cork City Council, Cobh Urban District Council and the Port of Cork Company. The sole purpose of this entity is to develop an area in the Cobh Railway Station to offer tourists and cruise passengers additional facilities and exhibition accommodation.

### **Leisure and Recreation Strategy:**

In developing a Leisure and Recreation Strategy for Cork and Bantry Harbours, the Company has identified a number of initiatives for further development of the marine recreation sector, thereby helping and supporting an important source of enjoyment and economic gain for residents and visitors alike.

The Port of Cork City Marina proved to be a major addition to Cork City and is widely used by local and visiting boats. The Marina facilitates a number of events including Cork Harbour Open Day, Ocean to City and the Cobh to Blackrock race. The Company, through its Corporate Social Responsibility Policy continues to have wide involvement with all Port stakeholders and Harbour Community Groups including recent developments at Monkstown and Aghada.

Bantry Bay Port Company Ltd is planning to organise a Maritime Art Exhibition in Bantry House in the summer of 2015, with a view to supporting local leisure, recreation and tourism.

### **Developing Tourism potential:**

The Ports of Cork and Bantry are active participants in a number of initiatives aimed at developing the tourism potential in Cork and Bantry Harbours. These include participating in the Cork County Council Spike Island working group, the Cork Harbour Management Group, working with the Cobh and Harbour Chamber of Commerce, the Bantry Bay User Forum and the Whiddy Island Association.

It is the view of the Company that considerable potential exists for commercial tourism opportunities in the Harbours which would support the growth of the established cruise and other tourism related businesses. The interpretation of the rich maritime, emigration and trading history of Cork Harbour and Bantry can, in time, generate sustainable businesses and employment opportunities. The Company intends to play a leading role in this area, by the development of its business and supporting the economic development and job potential of this region.

### **Defined Benefit Pension Fund Deficit:**

The Port of Cork Company operates defined benefit pension schemes for employees who joined the Company prior to the 6<sup>th</sup> March 2006. For employees recruited after 6<sup>th</sup> March 2006, the Company operates a Defined Contribution Pension Scheme.

Details regarding the Port of Cork Company Pension Schemes-Actuarial Valuation and FRS17 Disclosures are included in note 26 to the annual Financial Statements attached.

### **Immediate Priorities:**

The immediate priorities of the Port of Cork Company are to:

- Continue growth at the Ports of Cork and Bantry through renewed competitiveness, investment and profitability for the long term and continued engagement with all of our customers;
- Significantly reshape and rightsize port infrastructure for a long term and viable future; and
- Assist regional economic development opportunities to the fullest in the areas of Tivoli, Ringaskiddy, Cobh, Cork Docklands and Bantry developments, through promotion of tourism, maritime research and industrial expansion.

**Acknowledgements:**

I would like to thank the Minister for Transport, Tourism and Sport Mr. Paschal Donohoe T.D., his predecessor Mr. Leo Varadkar T.D. and the Minister for Finance for all their continued help and advice and I am confident this will continue into the future. I acknowledge the dedicated manner in which all staff at the Department of Transport Tourism and Sport engage with the Port of Cork Company.

I would like to thank the Chief Executive, Mr. Brendan Keating, the management and all the employees for their continued dedication and contribution to the company during 2014.

Finally, I would like to thank my fellow Directors, for their commitment and interest in the affairs of the Company together with their loyal support and diligence in attending board, committee, subsidiary company, trustee meetings and other company events.

**Mr. John Mullins,  
Chairman**

**Tuarascáil an Chathaoirligh do 2014 faoi mar a éilítear faoin gCód Cleachtais do Rialachas na gComhlachas Stáit agus faoi Alt 28 (4) d'Achtanna na gCuan 1996-2009**

**Cuideachta Phort Chorcaí agus a cuid Fiontar Fochuideachtaí**

**Intreoir:**

I 2014 ba é méid thrácht Phort Chorcaí agus Bheanntraí ná 10.15 milliún tona le hais 10.06 milliún tona i 2013, sin laghdú de 445,164 tona nó 4.2%. Cé go ndeachaigh trácht coimeádáin i méid faoi 13%, chuaigh méid na lastas builc thirim i laghad mar gheall ar an bhfeabhas a tháinig ar an aimsir do na feirmeoirí i samhradh 2014. Ba é láimhdeachas na bliana 2014 ná €24.8 milliún, suas ó €23.3 milliún i 2012. Ba é an brabús ar Ghnáthghníomhaíochtaí roimh Chánachas ná €2.7 milliún le hais €1.7 milliún i 2013, sin méadú de €1 milliún nó 56%.

Áirítear ar ghnóthachtáil an Phoirt i 2014:

- Gnóthachtáil Bhrabús roimh Chánachas de €2.7 milliún le hais €1.7 milliún i 2013, sin méadú de 56%;
- Cruthú na fochuideachta Cuideachta Phort Chuain Bhá Bheanntraí Teoranta PCBB chun oibríocht Chuain Bheanntraí a bhainistiú;
- Faomhadh i Mí na Bealtaine do Thogra nua Maoinithe Phinsin ag an Údarás Pinsean;
- Chuaigh an trácht coimeádáin ag Críochfort Coimeádáin Tivoli i méid go 179,854 TEU le hais 158,849 TEU i 2013, sin méadú de 13.2%;
- Ullmhú agus cur isteach Iarratais Phleanála do phríomhThograí Infrastruchtúir Phoirt i Rinn an Scidígh chuig an mBord Pleanala agus cur i gcrích Éisteachta ó Bhéal éifeachtach faoi Infrastruktúr Straitéiseach i Mí Mheán Fómhair;
- Dul chun cinn leis an Iarratas Maoinithe rafar Ten-T, lena n-áirítear ceapachán Comhairleoirí Idirbhirt Airgeadais chun measúnú agus measúnacht a dhéanamh faoi ábhar foinsí airgeadais i mbreithmheas cuimsitheach airgeadais a léiríonn inmharthanacht tráchtála na bhforbairtí atá beartaithe i Rinn an Scidígh;
- Cur isteach iarratais nua TEN-T i Mí Feabhra 2015;
- Fuarhas Cead Pleanála i Mí na Nollag 2014 chun na hÁiseanna Bearta Cúrsála a uasghrádú i gCóbh; táthar ag súil go mbeidh costas €1.6 milliún go hachomair, mar chuid d'Fhís Chúrsála chun freastal a dhéanamh ar na soithí cúrsála is mó;
- Craoladh “Cork Mega Port” ag TV3, sraith chlár faisnéise ‘ar an láthair’ cheithre eipeasóid uair an chloig a bhain go sonrach le Port Chorcaí;
- Ceiliúradh 200ú Comóradh Bliana Choimisinéirí Cuain Chorcaí agus Phort Chorcaí agus foilsíú leabhair faoi stair Choimisinéirí Cuain Chorcaí “Portraiture of Cork Harbour Commissioners”;
- Caidreamh leanúnach le Príomhchustaiméirí;
- Cónascadh agus comhdhlúthú shócmhainní agus shocruithe Píolótaíochta Choimisinéirí Chuain Bhá Bheanntraí ó 1 Eanáir 2014;
- Creidiúnuithe ISO14001, OHSAS 18001 agus IPSEM.

**Íocaíocht díbhinne de €503,861 leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt:**

D’fhaomhaigh Bord Stiúrthóirí Chuideachta Phort Chorcaí íocaíocht díbhinne don Státhiste de €503,886 i Mí na Bealtaine 2014, (2013: €407,094), sin 30% de Bhrabús na Cuideachta do 2013 tar éis Cánachais. Is é polasaí Chuideachta Phort Chorcaí ná leanúint uirthi de bheith ag íoc díbhinne bliantúla ar mhéid 30% den bhrabús atá ar fáil do dháileadh, gan brabús Chuideacha Phort Chuain Bhá Bheanntraí a chur san áireamh. Tá sé i gceist ag an gCuideachta díbhinn a íoc de thart ar €650,000 (sin méadú de 20%) i 2015 agus í fós i mbun a pleann forbartha caipitung straitéisigh a chur i gcrích agus í ag baint amach laghdaithe ina heasnamh ciste phinsin.

## **Feidhmíocht Trádála:**

I 2014 chuaigh an trácht Ola ag Scaglann Ola Philips66' sa Gheata Bán i laghad faoi 1.5% go 4.8 milliún tona. An Scaglann Ola atá i gceist le breis is 55% de mhéid lastais trácht agus 28% de thonnáiste loinge agus ioncam earraí Phort Chorcaí. Tá Scaglann Ola an Gheata Bháin ríthábhachtach do Phort Chorcaí agus don slabhra soláthair ola go náisiúnta. Ba é méid an tráctica i mBeantraí (Faoide) ná 1.3 milliún tona i 2014, agus tá an trácht seo comhdhlúthaithe anois le Cuideachta Phort Chorcaí.

Bhí méid an tráctica neamhola ag 4 milliún tona, le hais 4.2 mhilliún tona i 2013, sin laghdú de 213,885 tona nó 5%, go príomha mar gheall ar mhéid laghdaithe lastas builc thirim (.i. gránbharra, bianna ainmhithe, leasacháin, salann, gual, srl.) tar éis d'fheabhas a bheith tagtha ar an aimsir le haghaidh na feirmeoírí i samhradh 2014. Mhéadaigh comhthrácht coimeádáin na bPort i Tivoli agus i Rinn an Scidígh go 191,228 TEU, sin méadú iomlán de 20,818 TEU nó 12.22%.

Chuaigh iompórtálacha feithiclí trádála i méid faoi 24.8% go 33,009 feithicil, ach chuaigh iompórtálacha gáis pheitrialam leachtaithe agus easpórtálacha tiúchán luaidhe agus since ar fad i laghad. Bhí oibriúcháin tuála chun tosaigh go suntasach ar leibhéal 2013, ag 592 tuáil, sin méadú de 12.33%. Lean Brittany Ferries orthu lena mbealach báid thurasóireachta ó Chorcaigh go Roscoff, a bhí ar siúl gach Satharn ó Mhí Mhárta go Mí Dheireadh Fómhair 2014.

## **Áiseanna Láimhseála Coimeádán ag Tivoli:**

Leanadh ar aghaidh le fás an tráctica ag Críochfoirt Coimeádáin Tivoli i Mí Eanáir agus i Mí Feabhra 2015. Go déanach i Mí Feabhra 2015, d'fhaomhaigh Bord na Stiúrthóirí leathnú breise chríochfort coimeádáin Tivoli chun freastal a dhéanamh ar an bhfás tráctica seo, rud a chuimseoidh suiteáil chuisnuithe breise, aistriú tionóna ceadúnais cóngarach go hionad eile in Eastát Tionsclaiochta Tivoli agus ceannach Iompróirí Scaradh Gabhail dara láimhe.

## **Áiseanna Láimhseála Coimeádáin agus Bulclasta ag Rinn an Scidígh:**

Tá áis láimhseála coimeádáin ag Port Chorcaí ag Críochfort Domhainuisce Rinn an Scidígh a chuireann ar chumas Phort Chorcaí agus na cuideachta domhanda loingseoireachta, Maersk, seirbhís dhíreach dhomhainfharraige Thrasatlantach a chothabháil go hÉirinn ó Mheiriceá Theas agus ón Muir Chairib. Éascaíonn an tseirbhís seo iompórtáil torthaí agus easpórtáil earraí Éireannacha. D'infheistigh Port Chorcaí €4 mhilliún chun an áis seo a éascú, le forbairt bhábhúin do choimeádáin agus le ceannach CDBR nua leictrigh (sin Crann Droichid le Boinn Rubair). Ina theannta sin i Mí Mheithimh 2013 seachadadh don Phort Craein Nua Shoghluaise Chuain Liebherr LMH 550, ar luach €3 mhilliún, le feabhas a chur ar ár gcuid áiseanna láimhseála coimeádáin agus builc agus le cabhrú le níos mó gnólachtaí domhainmhara a mhealladh go Port Chorcaí.

Léiríonn an infheistíocht seo tiomantas Phort Chorcaí do bheith ag leanúint air de bheith ag méadú leibhéal an ghnó agus lena sheal sin, le spreagadh a bhfuil géarghá leis a sholáthar do thrádáil iompórtála agus easpórtála na hÉireann. Tá na soithí sin a dtugtar cóiríocht dóibh i Rinn an Scidígh ar na cinn is mó ar féidir cóiríocht a thabhairt dóibh in Éirinn, rud a chuireann béim ar acmhainní domhainfharraige Phort Chorcaí.

## **Athfhorbairt an Phoirt ag Rinn an Scidígh:**

Éilíonn na srianta atá i bhfeidhm ag na háiseanna reatha Lo-Lo ag Tivoli, (doimhneacht uisce, leithead do ghluaisceacht soithí, toilleadh críochfoirt thaobh na talún) éilíonn siad athlonnú an ghnó choimeádáin cún le sruth chuirg an gcuán íochtarach ag Rinn an Scidígh. Is mian le trádálaithe muirí dul isteach sa chuan agus é a fhágáil chomh luath agus is féidir. Mura n-aistrítear Cuideachta Phort Chorcaí ón infrastruchtúr neamh-iniomparttha i Rinn an Scidígh is cinnte go rachaidh an Port i léig. Rachaidh athfhorbairt an Phoirt chun tairbhe an Phoirt, Chustaiméirí an Phoirt, Phobal Chorcaí i gcoitinne, agus an Réigiún.

Lóisteáil an Chuideachta Iarratas Pleanála le haghaidh Infrastruchtúir nua Poirt i Rinn an Scidígh leis an mBord Pleanála Déardaoin 1 Bealtaine 2014 agus cuireadh Éisteacht ó bhéal faoi Infrastruktúr Straitéiseach i gcrích i Mí Mheán Fómhair 2014, ócáir ina ndearnadh breithniú faoi thuairimí na bpáirtithe leasmhara ar fad. Táthar ag súil le socrú ón mBord Pleanála roimh dheireadh Mhí na Bealtaine 2015.

Tar éis fhoilsiú an Pholasaí Náisiúnta um Phoirt d'iarr an tAire ar an ÚBN (an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta) tosaíocht a dhéanamh d'uasghrádú an N28. Déanfar uasghrádú an bhóthair N28 in éineacht le hathfhorbairt Rinn an Scidígh agus rachaidh sin chun tairbhe na gCónaitheoirí Áitiúla, agus Lucht an Tionscail agus na gComaitéirí i gceantar Rinn an Scidígh agus i gceantar Charraig Uí Leighin.

### **TEN-T:**

D'éirigh le hiarratas maoinithe Chuideachta Phort Chorcaí go luath i Mí Iúil 2013, iarratas a rinneadh faoin gcatagóir “Luathú / Éascú do chur i bhfeidhm thionscadail TEN-T”. Thug an tosaíocht seo aghaidh ar ghníomhaíochtaí le bacanna a fhuascailt agus nascacht trastearann a chothú ag leibhéal na hEorpa trí chabhair airgeadais a thabhairt do Staidéir Ullmhúcháin (m.sh. staidéir fhéidearthachta, thimpeallachta agus dheartha) i dtaca le forbairt tionscadal agus é mar aidhm tionscadal aibí a chruthú, mar a léirítear breislúach an AE go soiléir. Cuireadh cabhair dheontais caoga faoin gcéad ar fáil chun toilithe reachtúla a fháil d'fhorbairt Rinn an Scidígh, breithmheasanna críochnúla airgeadais agus eacnamaíocha, dearadh mionsonraithe, pleán cumarsáide agus chun doiciméid tairisceana a ullmhú.

### **Iarratas Maoinithe TEN-T 2015:**

Ainmníodh Port Chorcaí mar chuid de Chonair Thosaíochta TEN-T na Mara Thuaidh-na Meánmhara, agus aithníodh é mar Phort Sraith 1 i bPort Náisiúnta. Is í an aidhm atá le maoiniú Áis Naschta na hEorpa (ÁNE) TEN-T ná le tacú le cur i bhfeidhm an chroílínra. Foilsíodh Pleán Oibre Chonair na Mara Thuaidh-na Meánmhara ar 22 Nollaig 2014. Táthar ag súil leis go nglacfaidh Parlaimint na hEorpa leis go foirmeálta i Mí Mhárta 2015. Seo a leanas ceann de mholtáí Chomhordaitheoir na Conaire: “Idirnascthacht – I dTuaisceart agus in Iarthar na Conaire, mar a bhfuil inrochtaineacht ó réigiún na n-oileán ina ceist ríthábhachtach, tá gá ann le Mótarbhealaí na Farraige a fhorbairt, agus le naisc chúlchríche a fheabhsú ag na calafoirt. Chun na ceisteanna seo a réiteach ba chóir tionscadail cosúil le tionscadal infrastruktúr an Phoirt agus nasc bóthair Rinn an Scidígh i gCorcaigh ... a spreagadh.”

Cuireadh, mar sin de, iarratas nua ar Mhaoiniú ÁNE Rannóige Iompair TEN-T faoi bhráid DG-Move (Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaiseachta agus an Iompair) ar 23 Feabhra 2015 tar éis tacáiocht a fháil ón Roinn Iompair, Turasóireacht & Spóirt ar 20 Feabhra 2015. Is dócha go bhfógrófar socrú maidir le hincháilitheacht na n-iarratas i Mí Iúil 2015.

### **Scaglann Ola an Gheata Bháin:**

I 2013 ghlac Phillips 66 le seirbhísí Deutsche Bank chun cuspóirí díolacháin Scaglann Ola an Gheata Bháin chomh maith le gnó gaolmhar in éineacht leis an áis stórais ag Oileán Fhaoide i mbÁ Bheanntraí. Le linn chéad leath 2014 d'éirigh Phillips 66 as a gcuideachta stórála ola ag Faoide do Zenith Energy, cuideachta stórála ola ó SAM, cuireadh sin i gcrích i Mí Feabhra 2015.

Tá lucht bainistíochta Chuideachta Phort Chorcaí i dteagmháil go rialta le pearsanra sinsearach Phillips66 maidir le háis Scaglann Ola an Gheata Bháin. Téann 55% den trácht lastais a théann trí Phort Chorcaí tríd an Scaglann Ola agus tá sí ríthábhachtach do Chorcaigh agus don gheilleagar réigiúnach.

### **Sócmhainní Cuain Bhá Bheanntraí:**

Le linn 2013, chuir an tAire Iompair, Turasóireacht & Spóirt próiseas Comhairliúcháin Phoiblí i gcrích i dtaca lena thogra go ndéanfaí freagracht as Cuan Bhá Bheanntraí a aistriú go Cuideachta Phort Chorcaí (CPC).

Tar éis dó breithniú a dhéanamh faoi na haighneachtaí a rinneadh agus faoi cheisteanna ábhartha eile, shocraigh an tAire gur chóir dul ar aghaidh leis an aistriú go CPC agus gur chóir fochuideachta a bhunú ag CPC chun Cuan Bheanntraí a bhainistiú. Chuir Crowley DFK, Cuntasóirí Cairte, Dícheall Cuí i gcrích do Choimisinéirí Cuain Bhá Bheanntraí i Mí Iúil 2013 agus ina dhiaidh sin chabhraigh siad leis an gCuideachta le Cás Gnó a dhéanamh ar son chónascadh Chuain Bhá Bheanntraí agus Chuideachta Phort Chorcaí.

Ansin fuarthas comhthoil ón Aire le Fochuideachta Theoranta Phort Bhá Bheanntraí a bhunú le cuan Bheanntraí a fheidhmiú. D'aontaigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt gur chóir do CPC 2,255,633 scair ainmniúil a eisiúint ag costas de €1.25 an ceann, rud a thugann luach de €2,819,542 don Aire Iompair, Turasóireachta & Spóirt le haistriú sócmhainní Chuain Bhá Bheanntraí a chríochnú go Clár Comhardaithe Chuideachta Phort Chorcaí ag 1 Eanáir 2014. Baineadh amach críochnú chónascadh agus chomhdhlúthú shócmhainní agus shocruithe Píolótaíochta Chuain Bhá Bheanntraí go Port Chorcaí le linn chéad leath 2014.

### **Cuspóirí láithreacha Chuideachta Phort Chorcaí Teoranta:**

I gcéad leath 2014, d'ullmhaigh CPCB Plean Gnó do na blianta 2014-2016, agus comhaontaíodh na cuspóirí láithreacha seo a leanas:

- Gach gnáthamh, córas agus rialú riachtanach a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear Sláinte & Sábháilteacht, Slándáil, Gnáthaimh Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh agus Cúrsaí Timpeallachta;
- Gnó, trádáil agus tréchur cúrsála Chuideachta an Phoirt a fhorbairt agus a fheabhsú;
- Cinntíú go gcloíonn Cuideachta an Phoirt le gach ceist rialála, lena n-áirítear ceisteanna iniúchta, rialachais chorparáidigh agus bainistithe riosca;
- Go mbeadh i bhfeidhm na háiseanna agus an gléasra iomchuí chun riachtanais na gcustaiméirí reatha agus na n-ábhar custaiméara a sheirbhísíú;
- Leanúint orthu de bheith ag cur chun cinn fóillíocht agus turasóireacht mhuirí, agus tacú le tionscainmh ábhartha phobail i mbÁ Bheanntraí; agus
- Céim 1 d'oibreacha feabhas agus caipítíl an chuain laistigh a chur chun tosaigh, faoi mar a beartaíodh agus mar a pléadh iad leis an Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt.

### **Malartú Talún ÚFT (an tÚdarás Forbartha Tionscail):**

Mar chuid de thionscadal IMERC ag Rinn an Scidígh tá Cuideachta Phort Chorcaí tiomanta d'aistriú tailte atá faoina smacht, i gcomaoín ar thailte ÚFT, chuit Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, le Saotharlann nua Hiodrálach agus Lárionad Taighde Mhuirí a thógáil, ag ionchorprú Lárionad Taighde Mhuirí Chorcaí. Leithdháileadh maoliniú Rialtais don tionscadal do COC agus tá an cead pleánála riachtanach faigthe ag COC.

Cuireadh i gcrích aistriú 1.3 heicteár de thailte Chuideachta Phort Chorcaí ar son 3.2207 heicteár de thailte UFT a raibh an luach céanna ag baint leo, le linn 2014. D'eisigh Cuideachta Phort Chorcaí ceadúnas do COC, agus iad ag fanacht leis an dara malartú talún le ÚFT, don dara limistéar talún do chuspóir thógáil bóthair sheirbhísí gaolmhara faoi thalamh.

### **Pointe Marino:**

Tá láithreán Phointe Marino aitheanta le fada an lá mar láithreán oiriúnach Poirt le háiseanna Rinn an Scidígh a chomhlánú. Tá na buanna seo ag baint leis an láithreán:

- Naschacht iarnróid;
- Tá Cé ann cheana féin – tarraigte 10m – Rochtain agus Beartlann; agus
- Ainmniú Seveso ar an láithreán – leis sin, deis atá ann athlónnú láithreán eile Seveso a éascú ó Ché Tivoli agus ó Ché na Cathrach; agus
- Acmhainn shuntasach fhorbartha mar láithreán de chuid Chuideachta Phort Chorcaí

Baineann roinnt ábhar dúshláin leis an láithreán freisin, áfach, i dtaca le pleánail, comhthoil cheadúnais, rochtain droichid agus bhóthair agus costas na hathfhorbartha.

I 2014 d'fhoinsigh Cuideachta Phort Chorcaí compháirtithe a thoiligh láithreán Phointe Marino a fháil agus a fhorbairt in éineacht le Cuideachta Phort Chorcaí, agus leas 20% acu sa Chomhfhiontar seo, faoi réir ag faomhadh an Aire. I Mí na Nollag, 2014, d'iarr Cuideachta Phort Chorcaí faomhadh an Aire chun 20% de Scairchaipiteal Cuideachta CF a fháil le Pointe Marino a cheannach, tar éis cás gnó agus anailíse airgeadais a chur isteach a léirigh go gcloíonn an tionscadal le Treoirlínne na Roinne Airgeadais agus leis an riachtanas dlíthiúil go mbeadh baint ag Cuideachta Phort Chorcaí le CF mar Scairshealbhóir 20%. Tá an tAire ag déanamh breithnithe faoin iarratas seo agus táthar ag fanacht le freagra foirmeálta.

### **Forbairt Cheantar Dugaí Chathair Chorcaí:**

Tacaíonn Cuideachta Phort Chorcaí i gcónaí le hathfhorbairt Cheantar Dugaí Chorcaí agus tá sé i gceist aici ról iomlán a chur i gcrích le cinntí go mbaintear amach poitéinseal an cheantair.

### **Cúrsaí Turasóireachta:**

Téann an Cóbh lámh i lámh le cuid mhór de stair an Chuain agus inniu is féidir leis an mbaile a mhaíomh gur ansin atá suite an t-aon chríochfort tiomnaithe Cúrsála atá le fáil in Éirinn. Faoi láthair is féidir freastal a dhéanamh ar shoithí suas go 340m ar fad. I 2014 thug 58 línéir cúrsála le holltonnáiste de 3.5 milliún tona breis is 120,000 paisinéir agus criú leo chuig an réigiún agus i mbliana, 2015, tá 54 línéir cúrsála le holltonnáiste de 4 mhilliún tona sceidealaithe le cuairt a thabhairt, agus líon paisinéirí agus criú den chineál céanna ag baint leo. Deonadh toiliú pleanála ag Comhairle Chontae Chorcaí ar 22 Nollaig 2014 do chéad chéim na hathfhorbartha ag críochfort Cúrsála Domhainuisce an Chóibh. Cuirfidh an athfhorbairt seo dóthain infrastruchtúir fheistithe agus doimhneachta uisce ar fáil chun cóiríocht a thabhairt do shoithí cúrsála Aicme Quantum (350m ar fad) ag an gcríochfort reatha cúrsála ag úsáid áiseanna bearta ar ann dóibh cheana.

Agus iad curtha le chéile is deis shuaithinseach turasóireachta iad Dúnfoirt Inis Píc, Dúnfort an Chóibh / Titanic / Lusitania agus Dúnfort an Chuain don réigiún. Tá an Port rannpháirteach go gníomhach sna tionscadail seo agus creideann sé go gcomhlánaíonn an taithí nua a thairiscíonn siad an trácht Cúrsála. Tionólfar Searmanas Comórtha an Lusitania “Ag Cuimhneamh ar an Lusitania” ar 7 Bealtaine 2015 sa Chóibh agus tá sé beartaithe go mbeidh an tUachtarán, Michael D. Higgins, i láthair. Tá imscrúdú á dhéanamh ar phointí breise rochtana trasna an Chuain.

Bunaíodh Cuideachta Fhorbartha Mhuirí an Chóibh Teoranta i Mí Mhárta 2013 mar “aonán sainchuspóra”, agus tá Comhairle Contae Chorcaí, Comhairle Cathrach Chorcaí, Comhairle Ceantair Uirbigh an Chóibh agus Cuideachta Phort Chorcaí páirteach ann. Is é an t-aon chuspóir atá ag an aonán seo ná ceantar a fhorbairt i Stáisiún Traenach an Chóibh chun áiseanna agus cóiríocht taispeántais bhreise a thairiscint do thurasóirí agus do phaisinéirí cúrsála.

### **Straitéis Fóillíochta agus Áineasa:**

Agus í ag forbairt Straitéise Fóillíochta agus Áineasa do Chuan Chorcaí, tá roinnt tionscnamh aitheanta ag an gCuideachta le hearnáil an áineasa mhuirí a fhorbairt tuilleadh, ag cuidíú agus ag tacú ar an tstí sin le foinse thábhachtach shuilt agus ghnóthachain eacnamaíoch do chónaitheoirí na háite agus do chuaireoirí araon.

Tá Muiríne Phort Chathair Chorcaí tar éis léiriú go gcuireann sé go mór le Cathair Chorcaí agus tá sí á húsáid go forleathan ag báid áitiúla agus ag báid atá ar cuairt. Éascaíonn an Mhuiríne imeachtaí éagsúla, lena n-áirítear Lá Oscailte Chuan Chorcaí, ‘Ocean to City’ agus an Rás ón gCóbh chuig an Dúcharraig. Leanann an Chuideachta uirthi, trí mheán a Polasaí Freagrachta Corporáidí Sóisialta, de bheith rannpháirteach ar bhealach forleathan le gach páirtí leasmhar de chuid an Phoirt agus le Grúpaí Pobail an Chuain, na forbairtí le déanaí ag Baile an Mhanaigh agus ag Áth Fhada san áireamh.

Tá Cuideachta Phort Bhá Bheanntraí Teo. ag pleannáil chun Taispeántas Ealaíne Muirí a eagrú i dTeach Bheanntraí i samhradh 2015, agus é i gceist tacú le cúrsaí fóillíochta, áineasa agus turasóireachta na háite.

## **Ag forbairt phoitéinseal Turasóireachta:**

Is rannpháirtithe gníomhacha iad Port Chorcaí agus Port Bheanntraí i dtionscnaimh éagsúla ar aidhm leo poitéinseal turasóireachta Chuain Chorcaí agus Chuain Bheanntraí a forbairt. Airítear orthu seo bheith rannpháirteach i ngrúpa oibre Oileán Píce Chomhairle Contae Chorcaí, Grúpa Bainistithe Chuain Chorcaí, bheith ag obair le Comhlachas Tráchtala an Chóibh agus a Chuain, le Fóram Úsáideoirí Bhá Bheanntraí agus le Cumann Oileáin Fhaoidé.

Is í tuairim na Cuideachta gurb ann do phoitéinseal suntasach i dtaca le deiseanna turasóireachta tráchtala sna Cuain, a thacódh le fás an turais sheanbhunaithe chúrsála agus gnólachtaí eile ó réimse na turasóireachta. Is féidir le léiriú stair shaibhir mhuirí, imirce agus thrádála Chuain Chorcaí agus Chuain Bheanntraí, le himeacht ama, deiseanna gnó agus fostáiochta inbhuanaithe a ghiniúint. Tá sé de rún ag an gCuideachta príomhról a chur i gcrích sa réimse seo, trí forbairt a cuid gnó agus trí thacú le forbairt eacnamaíoch agus le poitéinseal fostáiochta an réigiúin seo.

## **Easnamh Chiste Phinsin le Sochar Sainithe:**

Feidhmíonn Cuideachta Phort Chorcaí scéimeanna pinsin le sochar sainithe d'fhostaithe a thosaigh ag obair leis an gComhlacht roimh 6 Márta 2006. I gcás na bhfostaithe a earcaíodh i ndiaidh 6 Márta 2006, feidhmíonn an Chuideachta scéim Phinsin le Ranníocaíocht Shainithe.

Tá sonraí le fáil i dtaca le Scéimeanna Pinsin Chuideachta-Luacháil Achtúireach agus Faisnéisithe FRS17 i nota 26 do na Ráitis Airgeadais bhliantúla atá ceangailte leis seo.

## **Tosaíochtaí Láithreacha:**

Seo a leanas tosaíochtaí láithreacha Chuideachta Phort Chorcaí:

- Leanúint ar aghaidh le fás ag Port Chorcaí agus ag Port Bheanntraí trí iomaíocht, infheistiú agus brabúsacht athnuaithe don fhadtéarma agus trí chaidreamh leanúnach lenár gcuid custaiméirí ar fad;
- Infrastruchtúr an phoirt a athchumrú agus a mhéid a choigeartú go suntasach le haghaidh todhchaí fadtéarmaí agus inmharthana; agus
- Cabhrú le deiseanna forbartha réigiúnaí eacnamaíche oiread agus is féidir i limistéir fhorbartha Tivoli, Rinn an Scidígh, an Chóibh, Cheantar na nDugaí, agus Bheanntraí trí chothú turasóireachta, taighde mhuirí agus leathnaithe thionsclaíoch.

## **Buíochas:**

Ba mhaith liom mo bhruíochas a ghabháil leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Paschal Donohoe T.D., lena réamhtheachtaí, Leo Varadkar, T.D., agus leis an Aire Airgeadais as a gcuid cabhrach agus comhairle leanúnaí agus tá mé muiníneach go leanfar ar aghaidh leis sin sa todhchaí. Aithním an tslí thiomanta ina mbíonn an fhoireann ar fad sa Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ag plé le Cuideachta Phort Chorcaí.

Ba mhaith liom mo bhruíochas a ghabháil leis an bPríomhfheidhmeannach, Brendan Keating, leis an lucht bainistíochta agus leis na fostaithe ar fad as a gcuid tiomantais leanúnaí agus as an méid a chuir siad an gcuideachta le linn 2014.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhruíochas a ghabháil le mo chuid comhStiúrthóirí, as a gcuid tiomantais agus as an spéis a léirigh siad i ngnóthaí na cuideachta in éineacht lena gcuid tacaíochta dílse agus lena ndíograis maidir le bheith ag freastal ar chruinnithe boird, coiste, fochuideachta, iontaobhaithe agus ar imeachtaí eile de chuid na cuideachta.

**John Mullins,  
Cathaoirleach**

## **Chief Executive's Report**

The Port of Cork Company returned a significantly improved performance in 2014 compared to 2013. On the 1<sup>st</sup> January 2014, the Port of Cork Company amalgamated with Bantry Bay Harbour and the combined traffic of both Ports amounted to 10.15 million tonnes. Turnover in 2014 amounted to €24.8 million up from €23.3 million in 2013. Profit after Taxation for the Financial Year amounted to €2.5 million compared to €1.7 million in 2013, an increase of €0.8 million or 50% approximately.

In 2014, the Company maintained its on-going commitment to Capital Investment by making additions to Fixed Assets of €8 million. This brings investment levels by the Company, since incorporation in 1997, to €117 million. Most noticeable, in May 2014 the Company lodged an application for Planning Consent for new Port Infrastructure in Ringaskiddy with An Bord Pleanála, under the terms of the Planning and Development (Strategic Infrastructure) Act 2006. The associated Oral Hearing took place in September 2014 and a decision by An Bord Pleanala is anticipated before the end of May 2015.

Following the decision by the Minister for Transport, Tourism and Sport, Bantry Bay Harbour Commissioners assets and trade were transferred to the Port of Cork Company effective from 1<sup>st</sup> January 2014. Bantry Bay Port Company Limited, a 100% subsidiary of the Port of Cork Company, was established and this Company now manages Bantry Bay Harbour.

### **The Economic Challenge**

Irish Ports have a critical role in supporting the current recovery in the Irish Economy. This recovery however is dependent on our ability to trade successfully. To sustain this economic recovery Ireland's small open economy is likely to have an even greater dependence on external trade and on Ports such as the Port of Cork.

The Government has stated that it expects the Port of Cork Company as one of three Tier 1 Ports of National Significance, to lead the response of the State Commercial Port Sector in the delivery of future National Port capacity. This requires that we develop to our full potential. The Port of Cork is intent on growing its' business and to continue to improve levels of competitiveness in the Port. Equally, the Port is intent on ensuring that it delivers prosperity to the Nation and the Munster Region in particular by developing and becoming a significant International Trade Gateway and an important node in the Global Supply Chain Network.

The Port of Cork being Irelands' premier Deepwater Port on the South Coast must have Port infrastructure with the capacity to handle ships which continue to grow in size. The lack of adequate Port infrastructure capacity into the future in the Port of Cork will have the effect of undermining the competitiveness of Irish businesses and this in turn will undermine the regions ability to participate in and benefit from valuable global trading opportunities, and economic growth.

### **Strategic Planning of Port Infrastructure**

Consistent with the Port of Cork Strategic Development Plan, the Port of Cork Company continued to plan for the delivery of new Port infrastructure in the lower harbour. The Company's Strategic Development Plan which is endorsed by the Government in the National Ports Policy Statement also has EU recognition by the designation as an EU Core Port. The Company was successful with its EU TEN-T Funding Application to obtain statutory consents for Ringaskiddy developments.

The Company with the endorsement of its proposals is confident that with the necessary Planning Consent it will be able to proceed to deliver infrastructure proposals and will continue to make a significant contribution towards the economic development of the Irish economy.

## **The Competitive Challenge**

The ongoing challenge of maintaining business and profitability levels on a credible scale in 2014 required sustained and vigorous efforts across a number of fronts. The ongoing viability of the company requires that the rigorous regime of cost control across all activities is maintained.

Cork Port Terminals Services Ltd, a subsidiary of the Port of Cork Company continues to demonstrate an ability to successfully and profitably operate LoLo and RoRo stevedoring services in the Port. All loans associated with the 2009 Docks rationalisation were finally paid off in September 2014. The Company's ongoing commitment to the achievement of improved levels of flexibility and responsiveness to customers contributes on an ongoing basis to sustaining trade and to building a solid foundation for business growth.

## **Port of Cork Business Plan**

